Cuid 5

5

# Na hIonadaithe



Tá réimse Coistí agus Bord ag na hÚdaráis Áitiúla agus ag na forais áitiúla eile chun tacú leo polasaí a fhorbairt trí shaineolas seachtrach a aimsiú. Is féidir an saineolas seo a fháil ó pháirtithe leasmhara earnála ar nós fostóirí, feirmeoirí, ceardchumann agus an phobail. **Is bunfheidhm de chuid an PPN an ionadaíocht pobail – an earnáil Pobail agus Dheonach, Cuimsiú Sóisialta agus Comhshaoil.** Grúpaí eile a bhfuil ionadaíocht acu ó chrainn taca na comhpháirtíochta sóisialta m.sh. ceardchumainn, feirmeoireacht agus eagrais ghnó, ní thig leo ionadaíocht a iarraidh tríd an PPN. Ní mór don Údarás Áitiúil a úsáid chun Ionadaithe Pobail a cheapadh ar na Boird agus Coistí seo agus a chinntiú go n-éistear leo.

Ansin, ní mór d'Ionadaithe PPN aiseolas a thabhairt don PPN agus dá nGrúpa Nasctha, laistigh de shrianta rúndachta, faoina bpléitear ar a gcruinnithe agus faoi thorthaí an phlé seo. **Is de chúram na nIonadaithe PPN an t-aiseolas seo a thabhairt.**

# Cé atá i dteideal a bheith ina (h)ionadaí?

Tá feidhm an-tábhachtach ag na hIonadaithe thar ceann PPN. Ballghrúpaí ina gColáiste/réimse rannpháirtíochta a thoghann iad agus bíonn siad páirteach ar Bhoird nó Coistí ag na hÚdaráis Áitiúla thar ceann an PPN. Mar sin de, déanann siad ionadaíocht thar ceann an PPN ina iomláine, a gCeantair Bhardasaigh féin, a gColáiste agus a ngrúpa.

Baineann na rialacháin maidir le baill foirne Údarás Áitiúil a bheith ina n-ionadaithe tofa i rialtas áitiúil, náisiúnta agus na hEorpa le hionadaíocht PPN freisin. Níl baill foirne Údarás Áitiúil os cionn an ghráid shainithe incháilithe ar ionadaíocht PPN ar Bhoird nó Coistí ag na hÚdaráis Áitiúla fiú nuair a bhíonn baint acu le Ballghrúpa. I ndiaidh na treorach a tugadh i gCiorclán Roinne CVSP 01/2014, beidh na critéir seo a leanas i bhfeidhm i leith cinneadh a dhéanamh ar cé atá le hainmniú:

- Taithí an ainmní ar obair ar an tsaincheist arb é fócas an fhóraim ionadaíochta é.
- Cumas an ainmní ionchur éifeachtach a bheith aige/aici.
- Rannpháirtíocht daoine a bhfuil taithí acu ar an bhfadhb/saincheist a bhfuiltear le tabhairt fúithi ar an bhfóram ionadaíochta.
- Cé acu atá nó nach bhfuil an fhadhb/saincheist a bhfuiltear le tabhairt fúithi ar an bhfóram ionadaíochta ina 'croícheist' don bhall den PPN.
- Réimse cothrom dearcthaí i gceantair éagsúla geografacha a chinntiú, a oiread agus is féidir.
- Cothroime inscne a chinntiú, a oiread agus is féidir.
- Tiomantas ón duine/daoine atá le bheith iomlán rannpháirteach leis an nGrúpa Nasctha, lena n-áirítear tuairisciú ar ais.

# Róil, Cearta agus Freagrachtaí an Ionadaí

Toghtar Ionadaí ar feadh téarma seasta leis na saincheisteanna atá ag Ballghrúpaí ar Bhord nó Coiste ar leith a chur in iúl. Ba chóir mionsonraí faoin téarma beacht oifige a chur ar fáil leis an bhfaisnéis ina n-iarrtar ainmniúcháin don ról. Maidir le cuid de na Boird agus Coistí seo, is polasaithe a bpríomhfhócas, seachas a bheith ina gcomhlachtaí oibríochta, ach is oibríochtaí atá mar an aon fhócas amháin ag cuid eile. Eagraítear toghcháin ar na Boird agus Coistí seo de réir nósanna imeachta a fhorbraíonn an Rúnaíocht agus a fhaomhann an tOllchruinniú. Tá sampla den phróiseas seo leagtha amach níos faide ar aghaidh sa Chuid seo.

Is ról gníomhach, rannpháirteach é ról an Ionadaí PPN agus is gá tiomantas agus am ina leith. Tá d'iallach ar Ionadaithe tuairimí a nGrúpa Nasctha/Théamaigh ina n-iomláine a chur in iúl (nuair a úsáidtear Grúpaí Téamacha le hIonadaithe a ainmniú agus a thoghadh) seachas a mbarúlacha pearsanta féin ná tuairimí a gCeantair Bhardasaigh, Earnála nó Foras Ainmniúcháin féin. Sula socraíonn Ionadaí féideartha gur mian leis/léi go n-ainmneofar é/í, ba chóir Cairt Ionadaithe a PPN a léamh ina hiomláine agus a fhiafraí dá nOibrí Acmhainne PPN an bhfuil ceisteanna ar bith acu nó ar gá aon rud a shoiléiriú. Tá Cairt Ionadaithe shamplach leagtha amach in Aguisín 3 den Lámhleabhar seo.

Is gá d'Ionadaithe cumarsáid rialta a dhéanamh lena nGrúpaí Nasctha/Téamacha lena chinntiú go bhfuil siad ag tabhairt saincheisteanna comhaontaithe, ábhartha chuig na Boird agus Coistí ar a suíonn siad. Tá d'iallach orthu freisin tuairisciú ar ais leis na Grúpaí Nasctha/Téamacha, ag úsáid an teimpléid chaighdeánaigh tuairiscithe PPN. Tá Teimpléad Tuairiscithe samplach leagtha amach in Aguisín 4.

### *Ról an Ionadaí*

Is ról fiúntach é ról an Ionadaí. Tá tiomantas ama agus fuinnimh ag gabháil leis freisin chun a chinntiú go bhfeidhmítear é ina iomláine. Chuige seo, caithfidh an tIonadaí:

- Freastal ar chruinnithe Grúpa Nasctha/Théamaigh agus Boird nó Coiste, lena n-áirítear aon fho-ghrúpa ar a gceapfaí iad.
- Saincheisteanna an Ghrúpa Nasctha a chur i láthair an Bhoird nó an Choiste le gur féidir leo iad a mheas, lena n-áirítear míreanna a chur ar an gclár. Níl siad ansin go díreach chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann a ngrúpa nó a dtuairime féin.
- Comhoibriú leis an nGrúpa Nasctha/Téamach chun saincheisteanna, taighde, polasaí, moltaí srl. a shainaithint ar údair spéise nó imní iad ag an nGrúpa.
- Cumarsáid rialta a dhéanamh (ar a laghad chomh minic agus a eagraítear cruinnithe) leis an nGrúpa Nasctha/Téamach faoi
    - Dátaí cruinnithe Boird nó Coiste
    - Cláir cruinnithe Boird nó Coiste
    - Tuairiscí cruinnithe Boird nó Coiste
    - Nithe ar gá a n-ionchur ina leith agus/nó ar spéis leis an nGrúpa Nasctha/Téamach iad

- Líonrú agus comhoibriú go straitéiseach le baill eile Boird nó Coiste thar ceann an Ghrúpa Nasctha/Théamaigh agus an PPN, lena n-áirítear a bheith in ann teacht ar chomhréiteach ach cloí le bunchuspóir comhaontaithe an Ghrúpa Nasctha/Théamaigh.

### *Cearta an Ionadaí*

Nuair a chuirtear san áireamh an tiomantas a iarrtar ar an Ionadaí, ba chóir, ar ndóigh, iad a bheith i dteideal cearta áirithe. Is iad seo a leanas na cearta:

- Rannpháirtíocht ghníomhach ón nGrúpa Nasctha/Téamach, lena n-áirítear freagraí tráthúla ar cheisteanna a ardaítear.
- Go n-éistear leo agus go léirítear meas orthu mar bhall iomlán, comhstádas ag an nGrúpa Nasctha/Téamach agus an Bord nó Coiste agus go dtuigtear gur saorálaithe iad.
- Go dtacaíonn an Grúpa Nasctha/Téamach agus na baill Boird nó Coiste leo agus meas acu ar an PPN agus ar a ionchur.
- Ar aon dul leis an dea-chleachtas, fáil a bheith ar Ráiteas Torthaí Comhaontaithe nó miontuairiscí cruinnithe ar féidir iad a scaipeadh a luaithe agus is féidir ina dhiaidh.
- Dul faoi oiliúint ábhartha le go mothóidh siad ar a gcompord chun páirt a ghlacadh ar an mBord nó ar an gCoiste.
- Speansais a fháil ón Údarás Áitiúil as freastal ar chruinnithe Boird nó Coiste lena n-áirítear aon fho-ghrúpa agus oiliúint ábhartha a chuireann an tÚdarás Áitiúil ar fáil.
- Ar aon dul leis an dea-chleachtas, a iarraidh ar an Údarás Áitiúil ar a laghad roinnt cruinnithe a thionól ag am agus in áit a oireann dóibh.
- Paca ionduchtúcháin a fháil don Bhord nó don Choiste (arna chúr ar fail ag an mBord nó Coiste) ar dhul i mbun an cheapacháin dóibh, ina gcuimsítear:
  - Téarmaí tagartha
  - Orduithe seasta/nósanna imeachta
  - Sceidil, ionaid agus amanna, cláir agus cáipéisí cruinnithe le léamh roimh ré (ar a laghad coicís roimh ré, níos faide más féidir), lena n-áirítear
    - Sonraí teagmhála gach Ball Boird nó Coiste (faoi réir RGCS)
    - Fáil ar thacaíocht theicniúil nuair is gá
- Go n-eagraítear cruinnithe ar dhóigh a éascaíonn rannpháirtíocht, plé oscailte agus cinnteoireacht thrédhearcach.

*Freagrachtaí an Ionadaí*

Tá freagrachtaí ar an Ionadaí freisin leis an PPN agus an leis an nGrúpa Nasctha/Téamach. Áirítear leo sin:

- Cruinnithe Grúpa Nasctha/Téamach agus cumarsáid éifeachtach le baill an Ghrúpa Nasctha a eagrú.
- Bheith ina ann cumarsáid bhunúsach leictreonach a úsáid go héifeachtach (.i. r-phost agus brabhsáil idirlín) nó rogha oiriúnach eile.
- Ullmhú go hiomlán ina gcomhair agus freastal agus rannpháirt a ghlacadh i gcruinnithe Grúpa Nasctha agus Boird nó Coiste thar ceann an PPN amháin, ag fágáil suimeanna leasaithe pearsanta, gnó nó polaitíochta i leataobh.
- Comhoibriú go hoscailte agus i gcomhpháirt le baill an Ghrúpa Nasctha/Théamaigh chun saincheisteanna, taighde, moltaí polasaí srl. a shainaithint ach meas a léiriú ar an réimse tuairimí a chuirtear in iúl.
- Tuairimí/barúlacha an Ghrúpa Nasctha/Théamaigh a chur in iúl don Bhord nó Coiste agus aiseolas soiléir (gan bhéarlagair) a thabhairt don Ghrúpa Nasctha/Téamach.
- Freastal ar imeachtaí ábhartha oiliúna nó líonraithe a eagraíonn an PPN nó an Coiste.
- Bheith oscailte agus ionraic nuair a bhítear ag plé le páirtithe leasmhara.
- Dea-chaidreamh a chothú le baill eile Boird/Coiste nuair is le leas an PPN é.
- An PPN agus an Grúpa Nasctha/Téamach a chur i láthair ar dhóigh dhearfach, phraiticiúil.

# Tiomantas Ama


Ar na gnéithe is luachmhaire de bheith ar PPN tá cur in iúl tuairimí PPN ar Bhord nó Coiste ach tá tiomantas ama ag gabháil leis. Bíonn tiomantais éagsúla ann, ag brath ar an mBord nó Coiste. Leis an bhfaisnéis a sheoltar amach leis na foirmeacha ainmniúcháin do gach Bord nó Coiste, ba chóir go mbeadh tiomantas ama measta, bunaithe ar thaithí an PPN roimhe seo. Ní bhíonn ann riamh ach meastachán óir mar gheall ar chúinsí eile, d'fhéadfadh níos mó nó níos lú cruinnithe a bheith de dhíth.

# Próiseas Ainmniúcháin

Ag brath ar an mBord nó Coiste, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith idir an próiseas ainmniúcháin Ionadaithe ó PPN go chéile. Is próiseas *samplach* ainmniúcháin é seo a leanas:

- D'fhéadfadh an PPN gairm ainmniúcháin a chur amach ó na Ballghrúpaí Coláistí/ Grúpaí Nasctha/Téamacha, ag tabhairt fógra 10 lá ar a laghad roimh dháta deiridh ainmniúcháin. Cuimseofar san fhaisnéis a chuirfear amach leis an bhfoirm ainmniúcháin léargas ginearálta ar obair an Bhoird nó an Choiste atá i gceist agus tiomantas measta ama na nIonadaithe.
- Is gá gur baill lánchláraithe den PPN iad na heagraíochtaí ainmniúcháin nach bhfuil a gclárú dulta in éag. Ba chóir do Bhallghrúpaí a bhfuil a gclárú dulta in éag clárú laistigh den tréimhse fógra. Is faoin PPN a bheidh sé a shocrú an bhféadann an Ballghrúpa sin ainmniúchán a dhéanamh.
- Ní mór don Bhallghrúpa an Fhoirm Ainmniúcháin a chomhlánú (tá sampla in Aguisín 5). Ní ghlacfaidh an PPN ach Foirmeacha comhlánaithe, sínithe.
- Ní ghlacfar le hainmniúcháin dhéanacha.
- Ní mór don ainmní a dhearbhú go dtuigeann sé/sí ról an Ionadaí, go gcomhlíonfaidh sé/sí Bunreacht an PPN agus Cairt na nIonadaithe agus go ngníomhóidh sé/sí i gcónaí chun cuspóirí an PPN a thabhairt chun cinn.
- I ndiaidh dháta deiridh na n-ainmniúchán, athbhreithnítear gach ainmniúchán agus, má tá gach rud in ord, glacann Rúnaíocht an PPN leo.
  - Má fhaightear níos mó ainmniúchán ná a bhfuil de shuíocháin ar fáil, beidh toghchán ann (féach Próiseas Toghcháin samplach sa Chuid seo den Lámhleabhar).
  - Más ionann líon na n-ainmniúchán bailí agus líon na suíochán atá ar fáil, glactar leis go bhfuil an t-ainmní/na hainmnithe tofa.
  - Má fhaightear níos lú ainmniúchán ná líon na suíochán atá ar fáil, d'fhéadfadh an PPN Ionadaí eatramhach a lorg as measc a bhallraíochta lena chinntiú go bhfuil ionadaíocht ag an PPN ar an mBord nó Coiste atá i gceist. Ansin, chuirfí an ceapachán seo chuig an Ollchruinniú le go bhfaomhfar é.
- Níl cead ag duine a bheith mar ionadaí PPN ar Bhord nó Coiste amháin (is eisceachtaí iad baill Rúnaíochta, a bhfuil cead acu poist a bheith acu ar Rúnaíocht an PPN le cois Bord nó Coiste amháin eile, i ndiaidh na ngnáthphróiseas ainmniúcháin agus toghcháin).
- Sa chás go n-ainmnítear duine le haghaidh, agus go dtoghtar an duine sin, níos mó ná suíochán amháin, caithfidh siad an Bord nó Coiste is fearr leo a roghnú. Ansin, líonfar an suíochán ar an mBord nó Coiste nár roghnaíodh leis an ainmní leis an dara líon is airde vótaí (más infheidhme) nó athfhógróidh an PPN é le haghaidh toghcháin.
-

- Sa chás gur Ionadaí reatha Boird nó Coiste é duine agus ansin go n-ainmnítear é/í agus go dtoghtar é/í i suíochán eile, caithfidh siad an Bord nó Coiste is fearr leo a roghnú.
    - o Sa chás gur fearr leo leanúint dá ról reatha Ionadaíochta, líonfar an suíochán ar an mBord nó Coiste nár roghnaíodh leis an ainmní leis an dara líon is airde vótaí (más infheidhme) nó athfhógróidh an PPN é le haghaidh toghcháin.
    - o Sa chás gur mian leo ról a ghlacadh ar an mBord nó Coiste nua, caithfidh siad éirí as an ról reatha Ionadaíochta. Fógróidh agus líonfaidh an PPN an folúntas ar an mBord nó an Coiste sin ar an ngnáthshlí.
- Is i gcúinsí eisceachtúla amháin, agus is faoin Ollchruinniú a bheidh sé, agus ar bhonn sealadach nó eatramhach a bheadh cead ag duine suí ar níos mó ná Bord nó Coiste amháin.
- Ballghrúpaí a ainmníonn Ionadaithe i ndiaidh próiseas oscailte, trédhearcach ainmniúcháin. Mura ann don fhoras bunaidh ainmniúcháin, nó mura bhfuil baint ag an Ionadaí leis níos mó, glactar leis gur éirigh an tIonadaí as a ról agus roghnófar duine eile i ndiaidh próiseas ainmniúcháin eile.



# Próiseas Toghcháin

Nuair a bhíonn toghcháin de dhíth, féadann PPNanna próisis éagsúla a bheith acu le riar ar riachtanais a mBallghrúpaí agus na hachair ama atá i gceist. Is próiseas *samplach* toghcháin é seo a leanas. **Is do Ballghrúpaí iomlána amháin a thagraíonn an téarma "Ballghrúpaí" sa chuid seo. Níl cead ag Ballghrúpaí Comhlacha páirt a ghlacadh i dtoghcháin:**

- Beidh toghcháin saor agus inrochtana ag gach Ballghrúpa incháilithe, a oiread agus is féidir ar bhonn réasúnach. D'fhéadfadh sé gur ghá, i roinnt cásanna, toghcháin a theorannú, mar shampla, do bhaill Coláiste ar leith. Nuair is gá srianta, ba chóir dóibh a bheith trédhearcach agus fáth leo a mhaítear go follasach.
- Féadtar toghcháin a eagrú trí r-phost, foirmeacha ar líne, post (le clúdach SAORPHOIST nó le clúdach ar a bhfuil stampa agus seoladh) nó modhanna inrochtana eile.
- Seolfaidh an PPN na hábhair uile toghcháin chuig an bpríomhsheoladh teagmhála a thugann gach Ballghrúpa ar chlárú/athchlárú dóibh. Is de chúram Ballghrúpaí a chinntiú go bhfuil a sonraí teagmhála go cruinn agus cothrom le dáta.
- Bíonn ábhair thoghcháin éagsúla ag PPNanna, ach, ar a laghad, ba chóir go n-áireofaí leo:
    - Forléargas ina mínítear cad chuige an toghchán, cé a ainmníodh (lena n-áirítear a mBallghrúpa agus ballraíocht Choláiste) agus mionsonraí iomlána ar conas vótaí a sheoladh ar ais agus an dáta chuige sin.
    - CV gearr ar gach ainmní, a bhaineann leis an toghchán atá idir lámha (níl sé beartaithe go dtabharfaidh ainmnithe CV iomlán gairme).
    - Nuair is infheidhme (m.sh. don vótáil r-phoist agus sa phost) d'fhéadfaí páipéir vótála a chur ar fáil freisin ina leagfaí amach an líon uasta vótaí atá ar fáil i ngach vóta agus mar ba chóir an vóta a thabhairt (.m.sh. X, rogha uimhriúil srl.).
    - Nuair is infheidhme, clúdach SAORPHOIST nó clúdach ar a bhfuil stampa agus seoladh le páipéir vótála a sheoladh ar ais.
    - Is faoin Rúnaíocht a bheidh sé, má fhaomhann an tOllchruinniú, liosta de Bhallghrúpaí incháilithe vótála a chuimsiú mar a bhfuil vótáil teoranta. Is Ballghrúpaí incháilithe iad na Ballghrúpaí siúd (ní Baill Chomhlacha) atá cláraithe faoi láthair le PPN agus nach ndeachaigh a mballraíocht in éag.
    - Má bhíonn comhscór ann, cuirfear ar chrainn é agus toghfar an chéad ainm a tharraingeofar amach.

- Ceadófar 10 lá ar a laghad le páipéir vótála a sheoladh ar ais, ach amháin go gcaithfear vótáil laistigh d'achar ama níos giorra mar gheall ar chúinsí eile agus go bhfuil gach iarracht réasúnta déanta ag an Rúnaíocht a chinntiú go bhfuil an vótáil inrochtana ag gach Ballghrúpa.
- Nuair a úsáidtear páipéir vótála chlóite, déanfar iad seo a stóráil, gan oscailt, i mbosca faoi ghlas go dtí lá agus am an chuntais, mar a mhaítear ar bhileog eolais na vótála.
- Rúnaíocht an PPN a bhíonn i mbun an chuntais agus cuireadh ar na hiarrthóirí a bheith i láthair le breathnú.
- Taifeadtar torthaí in ord an líon is airde vótaí a fhaightear agus cuirtear painéal le chéile ó na hiarrthóirí nár éirigh leo.
- Más gá don iarrthóir a toghadh le linn an téarma, nó má roghnaíonn sé/sí gan an post a ghlacadh, tógfaidh an chéad duine eile ar an bpainéal an post. Fanfaidh gach ball den phainéal go ceann bliana nó go dtí an chéad dáta athchláraithe ballraíochta eile, cibé a thagann ar dtús.



# Ionadaithe PPN agus Oifig Rialtais

Chomh maith le critéir roghnaithe Ionadaí, atá leagtha amach sa Chuid seo thuas, is gá na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

!

- **Ní féidir ionadaithe tofa Údarás Áitiúil a ainmniú tríd an bpróiseas seo.**
- **Má shocraíonn aon duine a ainmnítear tríd an bpróiseas seo dul le polaitíocht toghchánaíochta, ní mór do/dí éirí as a ról mar Ionadaí PPN láithreach agus roghnóidh an t-aonad cuí ainmniúcháin (Coláiste/Grúpa Nasctha Toghcháin) ionadaí eile ina (h)áit.**
- **Níor chóir duine a bhí ina (h)ionadaí tofa ag aon leibhéal rialtais (áitiúil, náisiúnta nó Eorpach) a roghnú in aon ról ionadaíoch PPN go ceann bliana i ndiaidh a dtéarma oifige a chur i gcrích.**
- **Más ann do choimhlint leasa, ní féidir fostaithe/gairmithe a ainmniú.**
- **Caithfidh gach ionadaí PPN na critéir atá leagtha síos ag an aonad (Coláiste / Grúpa Nasctha) a ainmníonn iad ina ról ionadaíochta a chomhlíonadh.**

### *Toghadh in oifig Rialtais*

!

D'fhonn neamhspleáchas an PPN a choinneáil, níl cead ag Ionadaithe reatha PPN seasamh i dtoghchán d'aon oifig Rialtais, bíodh sé ag leibhéal áitiúil, náisiúnta nó Eorpach, má tá siad ina nIonadaithe PPN fós. Má shocraíonn Ionadaithe seasamh i dtoghchán d'oifig Rialtais, caithfidh siad éirí as a bpost **láithreach roimh a n-ainm a chur chun tosaigh le go n-ainmneofar iad.**

- Mura n-éiríonn le hIonadaí ina n-iarracht le bheith ainmnithe i gcomhair toghcháin d'oifig Rialtais, caithfidh siad fanacht 12 mhí ar a laghad i ndiaidh an dáta ar cuireadh in iúl dóibh nár éirigh lena n-iarracht ar ainmniúchán roimh pháirt a ghlacadh i dtoghchán mar Ionadaí PPN.
- Dá n-ainmneofaí an tIonadaí i gcomhair toghcháin ach nach n-éireodh leo, caithfidh siad fanacht 12 mhí ar a laghad i ndiaidh dháta an toghcháin roimh pháirt a ghlacadh i dtoghchán mar Ionadaí PPN.
- Dá dtoghfaí an tIonadaí, caithfidh siad fanacht 12 mhí ar a laghad i ndiaidh dháta dulta in éag a dtéarma oifige roimh a ghlacadh i dtoghchán mar Ionadaí PPN.

# Oiliúint Ionduchtúcháin agus Tacaíocht Leanúnach

Cuirfidh an PPN oiliúint ionduchtúcháin ar fáil do gach Ionadaí nuacheaptha. Féadann Ionadaithe eile, nach bhfuil nuacheaptha ach ar mhian leo "cúrsa athnuachana" a dhéanamh freastal ar an oiliúint seo freisin, má bhíonn spás ann ach go mbeidh tús áite acu sin atá nuathofa. Más féidir, ba chóir oiliúint a chur ar fáil freisin d'oifigigh agus do chomhairleoirí Údarás Áitiúil chun cur lena dtuiscint ar PPN.

Ar a laghad, ba chóir go gcumhdófaí san oiliúint seo:

- Ról an PPN ar Bhoird agus ar Choistí
- Ról, Cearta agus Freagrachtaí an Ionadaí
- Cairt na nIonadaithe
- Úsáid Theimpléad Tuairiscithe na nIonadaithe

Féadann an PPN freisin comhoibriú leis an Údarás Áitiúil le hoiliúint a chur ar fáil a bhaineann go sonrach leis an mBord nó Coiste ar a suífidh an tIonadaí.

**Féachfaidh an PPN leis an ionduchtú seo a chur ar fáil a luaithe agus is féidir i ndiaidh cheapadh an Ionadaí. Mura ann do chúinsí eisceachtúla, faoi mar a fhaomhfaidh an Rúnaíocht lena dhaingniú ag an Ollchruinniú, caithfidh an tIonadaí a chinntiú go bhfreastalaíonn siad ar oiliúint ionduchtúcháin roimh fhreastal ar chruinnithe Boird nó Coiste ar a gceaptar iad.**

!

**Óstálann an PPN agus baineann feidhm as seisiúin éagsúla oiliúna a d'fhéadfadh a bheith ábhartha ag na hIonadaithe i rith na bliana mar chuid dá Phlean Oibre. Ní mór d'Ionadaithe féachaint le freastal ar oiliúint is ábhartha leo agus lena ról ar a mBord nó Coiste.**

# Tuairisciú

**Ceanglas éigeantach é ag Ionadaithe PPN tuairisciú ar ais chuig an nGrúpa Nasctha/Téamach agus an PPN. Is gá tuairisc ó gach cruinniú ar a bhfreastalaíonn an tIonadaí mar Ionadaí PPN.**

!

Ba chóir go bhfaighfí tuairiscí tráth nach déanaí ná coicís i ndiaidh an chruinnithe/ teagmhála agus iad san fhormáid chuí (féach Foirm Thuairisc Ionadaí in Aguisín 4). Ba chóir don Oibrí Acmhainne cóip a fháil freisin den Tuairisc Ionadaí chomhlánaithe le cur i dtaifid an PPN.

Mura dtiocfaidh an tIonadaí chuig trí chruinniú i ndiaidh a chéile nó mura dtabharfar Tuairiscí go tráthúil agus, dar le Rúnaíocht an PPN, gan cúis mhaith, d'fhéadfaí a iarraidh orthu éirí as a ról. Féadann an tIonadaí achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo ar aon dul le Nós Imeachta Gearáin PPN (féach Aguisín 2) laistigh de 10 lá.

Mura n-éireoidh leis an achomharc nó mura ndéanfar aon achomharc, roghnóidh an PPN ionadaí eile ón bpainéal, más ann dó, nó eile ach cloí leis an gCuid seo den Lámhleabhar.

# Taisteal agus Speansais

!

Is é polasaí Taistil agus Speansais an Údaráis Áitiúil aonair a rialóidh íocaíocht taistil agus speansais le freastal ar chruinniú Bord nó Coiste Údarás Áitiúil. Déanfar gach íocaíocht taistil agus speansais de réir rialacha na hearnála poiblí agus ní bhaineann siad ach le taisteal sa chontae i gcomhair cruinnithe nó lasmuigh den chontae i gcúinsí eisceachtúla amhail oiliúint, freastal ar chomhdháil PPN nó cruinnithe Líonra Rúnaíochta.

